COMHAONTÚ RÚNDACHTA

IDIR

_____

(An Leachtóir)

&

Lorraine Whisker

(Ionadaí Measúnú na Mac Léinn ar Theagasc)

- Beidh gach eolas a ghintear mar thoradh ar do rannhpháirtíocht sa phróiseas seo (Measúnú na Mac Léinn ar Theagasc), mar a thuairiscítear ar leathanach 2 den cháipéis seo, príobháideach agus faoi rúin.

- Cinnteofar anaithnideacht na mac léinn

- Is leis an léachtóir rannpháirteach, agus leis an duine sin amháin, an tuarascáil a eiseofar mar thoradh ar an Measúnú.

- Ní roinnfidh Lorraine Whisker aon eolas ó bhéal nó scríofa le haon pháirtithe lasmuigh den gconradh seo agus ní fheicfidh aon duine seachas Lorraine Whisker agus an léachtóir atá ainmnithe thuas an tuairisc.

Sínithe ag

Léachtóir _____

Ionadaí Measúnú na
Mac Léinn ar Theagasc _____
Lorraine Whisker

Dáta _____

Measúnú na Mac Léinn ar Theagasc

1. Réamhrá

Tá Measúnú na Mac Léinn ar Theagasc dírithe ar léachtóirí gur mhian leo, ar bhonn deonach, na haidhmeanna seo a bhaint amach:

- Tuiscint níos mó a aimsiú maidir lena modhanna teagaisc;
- Aiseolas a fháil faoi dhearcadh na mac léinn maidir lena modhanna teagaisc.

Mar chuid den bpróiseas seo scaipfear ceistneoir i rang mhic léinn de chuid an léachtóra. Déanfaidh Lorraine Whisker anailísiú ar na ceistneoirí críochnaithe agus cruthófar tuarascáil phríobháideach agus faoi rúin bunaithe ar fhreagraí na gceistneoirí ina ndéanfar cur síos ar na torthaí cáilíochtúla agus cainníochtúla.

2. Measúnú

2.1 Comhairliúchán

Buailfidh an léachtóir le Lorraine Whisker chun na nithe seo a leanas a phlé:

- Struchtúr an cheistneora, ina mbeidh ceisteanna caighdeánacha, a thugann deis do léachtóirí ceisteanna a chur ann atá oiriúnach dá riachtanais agus dá gcúrsaí féin;
- Prótacal an Mheasúnaithe
  - Cinnteoidh sé gur próiseas deonach atá ann don léachtóir;
  - Cinnteoidh an próiseas go bhfuil an measúnú faoi rúin ó thaobh na mac léinn de – i bhfocail eile nach gcuirfear ainmneacha na bhfreagróirí in iúl don léachtóir;
  - Ní bheidh an léachtóir i láthair le linn an mheasúnaithe.
- Is ag an léachtóir amháin a bheidh torthaí na suirbhéanna agus an tuarascáil a eascróidh as na suirbhéanna úd (ní chuirfear torthaí ná tuarascálacha ar fáil do chinn roinne nó do mhic léinn);
- Sínítear comhaontú ina mbeidh cur síos ar na sonraí a bailíodh agus beidh an tuarascáil a eascróidh as an próiseas príobháideach agus faoi rúin agus coimeádfadh an léachtóir ina s(h)eilbh é.

2.2 Feasacht na Mac Léinn faoin Mheasúnú

Iarrfar ar an léachtóir na mic léinn a chur ar an eolas faoin mheasúnú roimh dháta an mheasúnaithe. Iarrfar air/uirthi chomh maith a chur in iúl do na mic léinn an mbeidh an measúnú ar siúl ag tús nó ag deireadh an ranga. Dá mhéad béime a chuireann an léachtóir ar an tábhacht a ghabhann leis an measúnú, tógfaidh na mic léinn níos dáiríre é mar phróiseas.

2.3 Lóistíocht

Déanfar nóta de na rudaí seo a leanas: dáta, am agus suíomh an mheasúnaithe; clár agus bliain na mac léinn; ábhar; ainm an léachtóra; líon na mac léinn ar deineadh suirbhé orthu agus aon cheisteanna ábhartha eile.

3. Modh

3.1 Nós Imeachta

Ag am atá aontaithe roimhré cuirfidh an léachtóir an t-ionadaí ón Ionad Teagasc an Foghlama in aithne don rang agus fágfaidh sé/sí an seomra. Déanfaidh an t-ionadaí cur síos ar chúis an mheasúnaithe mar aon le cur síos ar an bpróiseas a bhaineann leis. Míneoidh sí:

- Gur próiseas deonach é seo atá á cur i bhfeidhm ar iarratas ón léachtóir toisc go dteastaíonn uaithi/uaidh léargas agus tuiscint níos fear a fháil maidir lena modhanna teagaisc ar mhaithe le feabhas a chur ar a dteicníochtaí teagaisc;
- Go ndíreoidh an próiseas ar cháilíocht seachadadh an chúrsa;
- Go ndéanfaidh an próiseas iarracht sásamh foriomlán na mac léinn maidir le struchtúr an chúrsa, le measúnú an chúrsa agus le haiseolas faoin gcúrsa a mheas;
- Go mbeidh an próiseas faoi rúin do gach mac léinn.

Déanfar an ceistneoir a dháileadh i measc na mac léinn agus iarrfar orthu a bhfreagraí aonair a thabhairt gan dul i gcomhairle leo. Baileofar gach ceistneoir nuair a bheidh siad líonta isteach agus cuirfear buíochas in iúl do na mic léinn. Iarrfar ar an léachtóir ansan aitheantas a thabhairt don mheastóireacht nuair a bhuailfidh sé/sí lena rang an chéad uair eile tar éis an mheasúnaithe.

4. Tuarascáil

Beidh anailís iomlán ar fhreagrachtaí na mac léinn sa Tuarascáil Mheasúnaithe. Cuirfear aiseolas cainníochtúil agus cáilíochtúil mar aon le torthaí ar fáil sa tuarascáil.